*Rang 5 / Bliain 7 (P7)*

**Mo Theachín Beag Deas** *(Le Mícheál Mac Donnchadha)*

Tá teachín beag deas
Ar an bhóthar úd theas.
Agus crainn ina thimpeall
Is fothain is teas.

Is níl áit sa domhan
Arbh fhearr liom bheith ann,
Ná sa teachín beag  teolaí
Ansiúd 'measc na gcrann.

Ní mór é le rá,
Mar níl sé ró bhreá,
Ná fairsing istigh ann,
Ná leathan ná ard.

Ach leis sin go léir,
Níl pálás faoin spéir
Arbh fhearr liom ná tusa,
Mo theachín beag féin.